CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1729 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meán Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le síneadh a chur leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 540(3) den Chomhaontú sin, tréimhse ar lena linn is féidir próifílí DNA agus méarloirg a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 87(2), pointe (a), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/689 an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe ([1]),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([2]) ("an Comhaontú Trádála agus Comhair"), foráiltear do chomhar cómhalartach idir údaráis fhorfheidhmithe dlí inniúla na mBallstát, ar thaobh amháin, agus an Ríocht Aontaithe, ar an taobh eile, maidir le comparáid uathoibrithe a dhéanamh ar phróifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí. Mar réamhriachtanas don chomhar sin, ní mór don Ríocht Aontaithe na bearta cur chun feidhme is gá a dhéanamh ar dtús agus ní mór don Aontas meastóireacht a dhéanamh uirthi.

(2) Ar bhonn tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn triail phíolótach, cinnfidh an tAontas an dáta nó na dátaí óna bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe de bhun CTC.

(3) Ní mór meastóireacht a dhéanamh ar an Ríocht Aontaithe freisin maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha a chuardach agus a chur i gcomparáid le chéile, próifílí agus sonraí ar bunaíodh naisc leis an Ríocht Aontaithe ina leith cheana i gcomhréir le *acquis* "Prüm" an Aontais, mar a leagtar amach i gCinntí 2008/615/CGB ([3]) agus 2008/616/CGB ón gComhairle ([4]).

(4) De bhun Chinneadh 2008/615/CGB, rinneadh buneilimintí Chonradh an 27 Bealtaine 2005 idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre agus Poblacht na hOstaire maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht, an choireacht trasteorann agus an imirce neamhdhleathach a chomhrac, a thrasuí i gcreat dlíthiúil an Aontais. Le Cinneadh 2008/616/CGB, cuirtear Cinneadh 2008/615/CGB chun feidhme agus leagtar síos ann na

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.
([2]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
([3]) Cinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L210, 6.8.2008, lch. 1).
([4]) Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle an 23 Meitheamh 2008 maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac (IO L210, 6.8.2008, lch. 12).

forálacha riaracháin agus na forálacha teicniúla is gá chun Cinneadh 2008/615/CGB a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le sonraí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí clárúcháin feithiclí a mhalartú go huathoibríoch. *Acquis* Prüm atá sna cinntí seo agus tá siad ina gceangal i gcomhréir leis na Conarthaí agus na gcinntí seo.

(5) Faoi Airteagal 540(2) CTC, tá an tAontas chun an dáta nó na dátaí a chinneadh, óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta a sholáthar don Ríocht Aontaithe ar bhonn tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta ar an gcuairt mheastóireachta agus, i gcás inarb infheidhme, ar bhonn triail phíolótach.

(6) Go dtí go mbeidh toradh ann ar an meastóireacht, chomh maith leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 540(2) CTC, ar mhaithe le bearna a sheachaint sa chomhar leanúnach maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha, déantar foráil le hAirteagal 540(3) CTC go bhféadfaidh na Ballstáit na sonraí sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe go dtí an 30 Meán Fómhair 2021.

(7) Ní dócha go mbeidh an próiseas dá dtagraítear in aithrisí 3, 5 agus 6 tugtha chun críche faoin 30 Meán Fómhair 2021. Dá bhrí sin, tá baol suntasach ann go dtiocfadh bearna chun cinn ón 1 Deireadh Fómhair 2021 sa chomhar maidir le próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha. Bheadh rioscaí nithiúla do shlándáil inmheánach an Aontais mar thoradh air sin.

(8) Rinne an tAontas meastóireacht ar an Ríocht Aontaithe cheana féin a mhéid a bhaineann le malartú próifílí DNA agus sonraí dachtalascópacha i gcomhthéacs chreat "Prüm" an Aontais nuair a bhí an Ríocht Aontaithe fós ina Ballstát. Níl an tAontas ar an eolas faoi aon bheart reachtach nó rialála atá déanta ag an Ríocht Aontaithe ó rinneadh na meastóireachtaí sin a dhéanfadh difear do thoradh na meastóireachta atá ar siúl faoi láthair faoi CTC.

(9) Sna himthosca seo, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a leagan síos. Ba cheart go mbeadh sa seasamh seo go n-aontódh an tAontas le síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2022 a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de shonraí a mhalartú, faoi mar a thagraítear dó sin in Airteagail 530, 531 agus 534 CTC, agus, sa chás gurb ann do mheaits, sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar, faoi mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 CTC.

(10) Luaitear in Airteagal 527 CTC gurb é cuspóir Theideal II de Chuid a Trí (Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla) de TCA, comhar cómhalartach a bhunú idir údaráis fhorfheidhmithe dlí inniúla na Ríochta Aontaithe, ar thaobh amháin, agus na Ballstáit, ar an taobh eile, maidir le próifílí DNA, sonraí dachtalascópacha agus sonraí áirithe clárúcháin feithiclí intíre a aistriú go huathoibríoch.

(11) Tá CTC ina cheangal ar na Ballstáit go léir de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 atá bunaithe ar Airteagal 217 CFAE mar a bhunús substaintiúil dlí. Le hAirteagal 540(3) CTC, tugtar de chumhacht don Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach síneadh nach faide ná 9 mí a chur leis an tréimhse chun sonraí pearsanta a sholáthar don Ríocht Aontaithe uair amháin, i.e. go dtí an 30 Meitheamh 2022.

(12) Tá an Danmhairg agus Éire faoi cheangal ag Airteagal 540 CTC de bhua Chinneadh (AE) 2021/689, agus, dá bhrí sin tá siad rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo lena gcuirtear CTC chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach de bhun Airteagal 540(3) CTC, aontú le síneadh go dtí an 30 Meitheamh 2022 a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh na Ballstáit leanúint de shonraí pearsanta a mhalartú, faoi mar a thagraítear dó sin in Airteagail 530, 531 agus 534 CTC, agus sonraí pearsanta breise atá ar fáil a sholáthar, faoi mar a thagraítear dó sin in Airteagal 536 CTC, leis an Ríocht Aontaithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN